# Ordú ón mBord
# ABP-314602-22

**Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2022**

**Údarás Pleanála: Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Contae Chiarraí**

**Iarratas** ar chead faoi alt 37E den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, i gcomhréir le pleananna agus sonraí, lena n-áirítear Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura, ar thaisc Gortyrahilly Wind Designated Activity Company faoi chúram Jennings O'Donovan and Partners Limited, Páirc Gnó Fhionasclainn, Contae Shligigh, iad leis an mBord Pleanála an 9ú lá de mhí Mheán Fómhair 2022, mar a leasaíodh leis an bhfaisnéis bhreise a fuair an Bord Pleanála an 29ú lá de mhí Mheán Fómhair 2023.

**Forbairt Bheartaithe:** Cuimsíonn an fhorbairt bheartaithe na nithe seo a leanas:

- 14 thuirbín gaoithe a thógáil a bheidh idir 179 méadar agus 185 mhéadar, agus an dá fhigiúr sin san áireamh, ar airde ón talamh chuig gob na lainne. Beidh rótar na dtuirbíní gaoithe idir 149 méadar agus 155 mhéadar, agus an dá fhigiúr sin san áireamh, ar trastomhas agus beidh mol na dtuirbíní gaoithe idir 102.5 méadar agus 110.5 méadar, agus an dá fhigiúr sin san áireamh, ar airde.
- Limistéir bhuana dhromchla chrua agus bunsraitheanna buana a thógáil do na tuirbíní.
- Compún sealadach tógála amháin a thógáil, ina mbeidh oifigí sealadacha gaolmhara láithreáin, limistéir pháirceála agus fálta slándála.
- Crann meitéareolaíoch amháin (saolré 35 bliana) a shuiteáil a bheidh 110 méadar ar airde agus ar a mbeidh cuaille tintrí ceithre mhéadar ag an mbarr.
- Dhá pholl carta a fhorbairt ar an láithreán.

- Bóithre buana inmheánacha nua isteach chuig an láithreán a thógáil, bóithre inmheánacha láithreacha isteach chuig an láithreán a uasghrádú agus an stráice de bhóthar an L-34011-20 (ar cuid de Shlí Bhéara-Bhréifne é) atá suite laistigh den láithreán a uasghrádú, lena n-áireofar cuasa scoite agus an bonneagar draenála gaolmhar ar fad.
- Líonra inmheánach draenála agus córais inmheánacha rialaithe dríodair a fhorbairt ar an láithreán.
- Fostáisiún leictreach buan 110 gcileavolta (kV) a thógáil ar an láithreán, lena n-áireofar dhá fhoirgneamh rialaithe ina mbeidh saoráidí leasa, an gléasra agus an trealamh leictreach gaolmhar ar fad, fálta agus geataí slándála, an cáblú gaolmhar faoi thalamh ar fad, umar coinneála fuíolluisce, agus na struchtúir choimhdeacha uile agus na hoibreacha coimhdeacha uile.
- An cáblú gaolmhar leictreach agus cumarsáide faoi thalamh ar fad lena nascfar na tuirbíní gaoithe leis an bhfostáisiún feirme gaoithe.
- Leagan coimhdeach foraoiseachta chun tógáil na forbartha a éascú.
- Na hoibreacha uile a bhaineann leis an bhfeirm ghaoithe a nascadh go buan leis an eangach leictreachais náisiúnta, ar nasc é a chuimseoidh cábla 110 kV faoi thalamh i nduchtanna buana cábla ón bhfostáisiún beartaithe buan ar an láithreán i mbaile fearainn Ghort Uí Raithile agus ar aghaidh go bailte fearainn na nDoirí, Dhoire an Chuilinn, an Lománaigh Bhig, an Lománaigh Mhóir, Screathan na nGabhann, Bharr Duínse, na Millíní, na hInse Móire, an Doirín Álainn, Dhoire Aimhréidh, Choimín an Bhroic, Ghlaise Chormaic, na Claoidí Rua agus Choimín na Bodóige agus go dtí an Fostáisiún 220 kV atá ann cheana i mBaile Uascail i mbaile fearainn Chathair Dhúnaigh.
- Na hoibreacha gaolmhara forbartha láithreáin uile, lena n-áirítear beirmeacha, tírdhreachú, agus tochailt ithreach.
- Feabhas a chur ar bhealach isteach chuig bóthar príobháideach láithreach amach as bóthar áitiúil an L-7405-0, lena n-áireofar an bóthar a leathnú ar bhonn áitiúil agus bealach isteach spréite a chruthú chun seachadadh ualaí neamhghnácha agus seachadadh comhpháirteanna tuirbín a éascú.

- Feabhas a chur ar bhealach isteach láithreach chuig an láithreán amach as bóthar áitiúil an L-3402-36, lena n-áireofar fásra láithreach a bhaint le haghaidh spréanna léargais ionas gur féidir an bealach isteach a úsáid le haghaidh ábhair thógála a sheachadadh ar an láithreán.
- Oibreacha uasghrádúcháin ar an mbealach seachadta tuirbíní, lena n-áireofar na hoibreacha seo a leanas:

  Droichead sealadach a thógáil os cionn an tSuláin chun rochtain ar bhóthar an L-3400-79 a éascú ó bhóthar an N22 i mBaile Bhuirne ar feadh thréimhse na n-oibreacha tógála.

  Bóthar an L-3405-0 a leathnú ar bhonn áitiúil go 4.5 méadar, ón acomhal le bóthar an L3400-79 chuig an acomhal le bóthar an L-7405-0.

  Bóthar an L-7405-0 a leathnú ar bhonn áitiúil go 4.5 méadar, ón acomhal le bóthar an L-3405-0 chuig an mbealach isteach chuig bóthar príobháideach láithreach amach as bóthar an L-7405-0.

  Bóthar rochtana sealadach a thógáil amach as bóthar an N22 i mbaile fearainn Choimín an Bhroic chun casadh 180 céim ag feithiclí seachadta tuirbíní a éascú.

Tá na hoibreacha uile suite laistigh de bhailte fearainn Chathair na Cáithe, Ghort na Binne, Dhoire Fhínín, Ghort Uí Raithile, na Rátha Thiar, na nDoirí, na bhFoithrí, Dhoire an Chuilinn, an Lománaigh Bhig, an Lománaigh Mhóir, Screathan na nGabhann, Bharr Duínse, na Millíní, na hInse Móire, an Doirín Álainn, Chúil Aodha, Ghort na Tiobratan, an Mhuirnigh Bhig, an tSléibhe Riabhaigh, an Tóchair agus Chathair Dhúnaigh, Contae Chorcaí, agus i mbailte fearainn Dhoire Aimhréidh, Choimín an Bhroic, Ghlaise Chormaic, na Claoidí Rua agus Choimín na Bodóige, Contae Chiarraí.

## Cinneadh

**Cead a dheonú faoi alt 37G den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, don fhorbairt bheartaithe thuas i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí luaite, bunaithe ar na cúiseanna agus na cúinsí faoi bhun agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos.**

**An tsuim atá le híoc ag an iarratasóir i leith costais a bhaineann leis an iarratas, mar atá leagtha amach sa Sceideal Costas thíos, a chinneadh faoi alt 37H(2)(c).**

## Cúiseanna agus Cúinsí

Rinne an Bord an cinneadh uaidh i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015, arna leasú,
- An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024,
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023 - 2030,

Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

- Na forálacha iomchuí de Threoir 2014/52/AE ón Aontas Eorpach lena leasaítear Treoir 2011/92/AE (an Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta) maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol.
- Treoir 92/43/CEE (an Treoir um Ghnáthóga) agus Treoir 79/409/CEE, arna leasú le Treoir 2009/147/CE (an Treoir um Éin), inar leagadh síos na ceanglais le haghaidh Gnáthóga Nádúrtha agus Fauna agus Flora Fiáin a Chaomhnú ar fud an Aontais Eorpaigh.
- Treoir 2009/28/CE ón Aontas Eorpach maidir le Fuinneamh In-athnuaite, a bhfuil mar aidhm léi úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn.

Agus é ag teacht ar an gcinneadh uaidh, bhí aird ag an mBord ar iomláine na faisnéise ar an gcomhad, lenar áiríodh na nithe seo a leanas:

(a) An beartas náisiúnta, agus aird á tabhairt ar fhorbairt foinsí fuinnimh malartacha agus dúchasacha agus ar íoslaghdú astaíochtaí ó gháis cheaptha teasa.

(b) Na forálacha den Chreat Náisiúnta Pleanála dar teideal Tionscadal Éireann 2040

(c) Na forálacha de na Treoirlínte maidir le Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála arna n-eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i mí an Mheithimh 2006, agus na forálacha de na Dréacht-Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt 2019 arna n-eisiúint ag an Roinn Tithíochta sa bhliain 2019.

(d) Na beartais atá leagtha amach sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt 2020.

(e) Na beartais agus na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae Chorcaí 2022 - 2028 agus i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2022 - 2028.

(f) Sainghné an tírdhreacha i limistéar an láithreáin agus i mórlimistéar an láithreáin.

(g) Patrún na forbartha láithrí agus na forbartha ceadaithe sa limistéar.

(h) An fad idir na tuirbíní, na teaghaisí mórthimpeall agus gabhdóirí íogaire eile agus an fhorbairt bheartaithe.

(i) An Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a cuireadh isteach.

(j) An Ráiteas Tionchair Natura a cuireadh isteach.

(k) Na haighneachtaí a rinneadh agus na tuairimí a cuireadh in iúl i ndáil leis an iarratas pleanála.

(l) An tuarascáil ón gCigire.

(m) An tuarascáil ó Éiceolaí an Bhoird.

(n) An tuarascáil ó Eolaí Comhshaoil an Bhoird.

**Measúnacht Chuí: Céim 1:**

Breithníodh an fhorbairt bheartaithe i bhfianaise cheanglais alt 177U den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Tar éis scagadh a dhéanamh le haghaidh Measúnacht Chuí, thángthas ar an gconclúid nár dhócha go mbeadh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt bheartaithe, aisti féin nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile, ar Limistéar Caomhantais Speisialta Phortach Mhullach an Ois (Cód Láithreáin: 001890), Limistéar Caomhantais Speisialta Choill Ghort na Tiobratan (Cód Láithreáin: 000106), Limistéar Caomhantais Speisialta na hAbhann Móire (Corcaigh/Port Láirge) (Cód Láithreáin: 002170), Limistéar Caomhantais Speisialta Phortach Dhoire Chloichir (an Cnoc Buí) (Cód Láithreáin: 001873), Limistéar Caomhantais Speisialta Choill Ghleann Locha (Cód Láithreáin: 002315), Limistéar Caomhantais Speisialta Theach Oighir Chill Gharbháin (Cód Láithreáin: 000364), Limistéar Caomhantais Speisialta an tSeanfhoirgnimh Tís, Coill an Chorra Glasa (Cód Láithreáin: 002041), Limistéar Caomhantais Speisialta Chainéal an Oileáin Mhóir (Cód Láithreáin: 001058) agus Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Chorcaí (Cód Láithreáin: 004030), i bhfianaise chuspóirí caomhantais na láithreán. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach bhfuil Measúnacht Chuí Chéim 2 ag teastáil i ndáil leis na Láithreáin Eorpacha thuasluaite.

Tá an cinneadh sin bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Critéir cháilitheacha gach ceann de na Láithreáin Eorpacha.
- An fad idir láithreán an iarratais agus an limistéar staidéir.
- Gan aon naisc éiceolaíocha thábhachtacha a bheith ann leis na láithreáin sin, nó easpa nasc den sórt sin a bheith ann.

Níl an cinneadh scagtha sin ag brath ar aon bhearta atá beartaithe chun éifeachtaí dochracha a d’fhéadfadh a bheith ag an tionscadal ar Láithreán Eorpach a sheachaint nó a laghdú.

**Measúnacht Chuí: Céim 2:**

Breithníodh an fhorbairt bheartaithe, lena n-áirítear an láithreán feirme gaoithe, an bealach seachadta tuirbíní, an bealach nasctha leis an eangach agus na hoibreacha

gaolmhara uile i bhfianaise cheanglais mheasúnachta alt 177U agus alt 177V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Tar éis scagadh a dhéanamh le haghaidh Measúnacht Chuí ar an tionscadal, thángthas ar an gconclúid go bhféadfadh an fhorbairt bheartaithe éifeacht shuntasach a bheith aici ar Limistéar Caomhantais Speisialta Pháirc Náisiúnta Chill Airne, na gCruach Dubh agus Abhantrach Abhainn Chárthaí (Cód Láithreáin: 000365), Limistéar Cosanta Speisialta Mhullach an Ois go Muisire Mór (Cód Láithreáin: 004162), Limistéar Caomhantais Speisialta an Ghaorthaidh (Cód Láithreáin: 000108) agus Limistéar Cosanta Speisialta an Ghaorthaidh (Cód Láithreáin: 004109). Dá bhrí sin, ba ghá Measúnacht Chuí a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheadh ag an tionscadal do ghnéithe cáilitheacha na láithreán sin i bhfianaise a gcuspóirí caomhantais.

Tar éis Measúnacht Chuí a dhéanamh, thángthas ar an gconclúid nach ndéanfadh an fhorbairt bheartaithe, aisti féin nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile, dochar do shláine na Láithreán Eorpach – Limistéar Caomhantais Speisialta Pháirc Náisiúnta Chill Airne, na gCruach Dubh agus Abhantrach Abhainn Chárthaí (Cód Láithreáin: 000365), Limistéar Cosanta Speisialta Mhullach an Ois go Muisire Mór (Cód Láithreáin: 004162), Limistéar Caomhantais Speisialta an Ghaorthaidh (Cód Láithreáin: 000108) agus Limistéar Cosanta Speisialta an Ghaorthaidh (Cód Láithreáin: 004109) – ná d’aon Láithreán Eorpach eile, i bhfianaise chuspóirí caomhantais na láithreán. Tá an chonclúid sin bunaithe ar mheasúnacht iomlán ar na gnéithe uile den fhorbairt bheartaithe, agus níl aon amhras réasúnach ann maidir le héifeachtaí dochracha a bheith in easnamh.

Tá an chonclúid sin bunaithe ar na nithe seo a leanas freisin:

- Measúnacht mhionsonraithe iomlán, lenar áiríodh faisnéis a cuireadh i láthair sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, ar na gnéithe uile den tionscadal beartaithe, lena n-áirítear bearta maolaithe beartaithe agus faireachán éiceolaíoch beartaithe i ndáil le Cuspóirí Caomhantais Limistéar Caomhantais Speisialta Pháirc Náisiúnta Chill Airne, na gCruach Dubh agus Abhantrach Abhainn Chárthaí (Cód Láithreáin: 000365), Limistéar Cosanta Speisialta Mhullach an Ois go Muisire Mór (Cód Láithreáin: 004162), Limistéar Caomhantais Speisialta an Ghaorthaidh (Cód Láithreáin: 000108) agus Limistéar Cosanta Speisialta an Ghaorthaidh (Cód Láithreáin: 004109).

- Measúnacht mhionsonraithe ar na héifeachtaí a bheadh ann i gcomhcheangal le

pleananna agus tionscadail eile.

- Gan aon amhras eolaíoch réasúnach a bheith ann maidir le héifeachtaí dochracha a bheith in easnamh do shláine Limistéar Caomhantais Speisialta Pháirc Náisiúnta Chill Airne, na gCruach Dubh agus Abhantrach Abhainn Chárthaí (Cód Láithreáin: 000365), Limistéar Cosanta Speisialta Mhullach an Ois go Muisire Mór (Cód Láithreáin: 004162), Limistéar Caomhantais Speisialta an Ghaorthaidh (Cód Láithreáin: 000108) agus Limistéar Cosanta Speisialta an Ghaorthaidh (Cód Láithreáin: 004109).

**Measúnacht Tionchair Timpeallachta:**

Chuir an Bord Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gcrích ar an bhforbairt bheartaithe, agus aird á tabhairt aige ar na nithe seo a leanas:

(a) Cineál, scála, láthair agus méid na forbartha beartaithe.

(b) An Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus na doiciméid ghaolmhara a cuireadh isteach in éineacht leis an iarratas, lena n-áirítear an fhaisnéis bhreise.

(c) Na haighneachtaí a fuarthas le linn an iarratais.

(d) An tuarascáil ón gCigire, lena n-áirítear tuarascálacha ó Éiceolaí an Bhoird agus ó Eolaí Comhshaoil an Bhoird.

Maidir leis an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus na doiciméid tacaíochta a chuir an t-iarratasóir isteach, mheas an Bord gur tugadh faisnéis réasúnach dhóthanach iontu chun an Bord a chumasú teacht ar chonclúid réasúnaithe ar na héifeachtaí suntasacha a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol, agus aird á tabhairt ar eolas reatha agus ar mhodhanna reatha measúnachta. Is deimhin leis an mBord go bhfuil an fhaisnéis atá sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta cothrom le dáta agus go gcomhlíonann sí na forálacha de Threoir 2014/52/AE ón Aontas Eorpach, lena leasaítear Treoir 2011/92/AE. Mheas an Bord gurb iad na héifeachtaí a eascraíonn as na tionchair atá liostaithe thíos na príomhéifeachtaí suntasacha díreacha agus indíreacha a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol.

Is iad seo a leanas na príomhéifeachtaí suntasacha, idir éifeachtaí dearfacha agus éifeachtaí diúltacha:

- **Sláinte an Phobail agus Sláinte an Duine:** Maidir le tionchair dhiúltacha ar shláinte an duine agus ar shláinte an phobail a eascraíonn as tógáil agus oibriú na forbartha, lena n-áirítear suaitheadh torainn, tráchta agus deannaigh ar chónaitheoirí i dteaghaisí comharsanacha, is féidir iad a mhaolú go leordhóthanach trí Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála a chur chun feidhme, trí mhodhanna tógála dea-chleachtais a chur i bhfeidhm, trí chórais preabadh scátha a shuiteáil ar na tuirbíní agus trí chloí le leibhéil torainn atá laistigh de na leibhéil atá molta sna treoirlínte náisiúnta maidir le fuinneamh gaoithe. Beidh éifeacht dhearfach fhadtéarmach shuntasach ann ar shláinte an phobail agus ar shláinte an duine de dheasca dé-ocsaíd charbóin a bheith á díláithriú ón atmaisféar mar thoradh ar bhreoslaí iontaise a úsáid le haghaidh táirgeadh fuinnimh agus mar thoradh ar an gCiste Tairbhe Pobail a chur chun feidhme.
- **Bithéagsúlacht:** Beidh tionchar diúltach fadtéarmach measartha ann ar an mbithéagsúlacht mar thoradh ar ghnáthóga a bhaint den láithreán, lena n-áirítear fraoch fliuch agus bratphortach, agus is féidir an tionchar sin a mhaolú trí bhearta maolaithe a sholáthar, lena n-áirítear Plean Feabhsúcháin Gnáthóg a chuimsiú laistigh den láithreán. Maidir leis an tionchar ar ghnáthóga móna, ní bheidh aon éifeacht aige ar chineál ná raon aon ghnáthóg ná ar chuspóirí caomhantais aon Láithreán Eorpach. Maidir le tionchair dhiúltacha ar **speicis** laistigh den láithreán, lena n-áirítear an Drúchtín Ballach agus ialtóga, ar tionchair iad ar dóigh dóibh teacht chun cinn le linn na céime tógála agus na céime oibríochtúla, is féidir iad a mhaolú trí Phlean Bainistíochta Caomhantais agus trí na tuirbíní a dhearadh go cúramach, agus ní mheastar iad a bheith suntasach. Ní bheidh aon tionchar ag an trasrian sruthchúrsa ar nascacht uisce ná ar ghluaiseacht éisc. Ní chaillfear aon ghnáthóg ionsrutha dá dheasca sin ach oiread. Maidir le héifeachtaí diúltacha ar speicis uisceacha agus ar ghnáthóga uisceacha, arb éifeachtaí iad ar dóigh dóibh teacht as scaoileadh féideartha dríodar agus truailleán eile isteach i sruthchúrsaí, is féidir iad a mhaolú go leordhóthanach trí na bearta atá leagtha amach san iarratas.
- **Talamh, Ithreacha, Uisce, Aer agus Aeráid:** Maidir le héifeachtaí diúltacha ar

uisce dromchla agus ar screamhuisce mar thoradh ar dhoirteadh tionóisceach hidreacarbón, mar thoradh ar dhríodrú méadaithe, lena n-áirítear aon scaoileadh carbóin orgánaigh, agus mar thoradh ar aon éilleáin eile a bheith ag dul isteach sa chóras draenála, is féidir iad a mhaolú go leordhóthanach trí na bearta atá leagtha amach san iarratas. Ní chuirfidh an fhorbairt bheartaithe aon bhac ar an gcumas a bheidh ag uiscí dromchla dea-stádas nó ardstádas a bhaint amach ná an Chreat-treoir Uisce a chomhlíonadh agus, trí Thuirbín T12 a bhaint, cinnteofar go gcuirfear deireadh le haon riosca de dheasca móin éagobhsaí.

- **Tírdhreach agus Oidhreacht Amhairc agus Chultúrtha:** Tagann tionchair dhiúltacha Thírdhreacha agus Oidhreachta Amhairc agus Cultúrtha chun cinn le linn chéim oibríochtúil na forbartha mar thoradh ar struchtúir shuntasacha a shuí laistigh den tírdhreach áitiúil, agus athrú atá sa raon idir athrú beag agus athrú substaintiúil nó measartha ag teacht ar an gcomhthéacs amhairc láithreach dá dheasca sin. Maolaíodh na tionchair, nuair ab fhéidir, tríd an leagan amach beartaithe agus trí chomhrianta tírdhreacha láithreacha a úsáid. Maidir leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an tógáil ar nithe is díol spéise ó thaobh oidhreachta cultúrtha de, is féidir iad a mhaolú go leordhóthanach trí shuirbhéanna réamhthógála agus trí chriosanna maolánacha.

- **Sócmhainní Ábhartha:** Tagann tionchair dhiúltacha thráchta chun cinn le linn chéim tógála na forbartha beartaithe; maolófar na tionchair sin trí Phlean Bainistíochta Tráchta a chur chun feidhme. Is féidir tionchair a eascraíonn as trácht a mhaolú go cuí. Maidir leis na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar shócmhainní ábhartha eile, ar naisc theileachumarsáide agus ar eitlíocht le linn na céime oibríochtúla, is féidir iad a mhaolú go leordhóthanach.

Ag féachaint don mhéid thuas, is deimhin leis an mBord nach mbeadh aon éifeachtaí do-ghlactha díreacha ná indíreacha ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol. Is deimhin leis an mBord go bhfuil an chonclúid réasúnaithe cothrom le dáta tráth an chinnidh. Chuir an Bord measúnacht tionchair timpeallachta i gcrích i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe, agus tháinig sé ar an gconclúid gurbh inghlactha a bheadh éifeachtaí na forbartha beartaithe ar an gcomhshaol, aisti féin agus in éineacht le forbairtí eile sa chomharsanacht, faoi réir na bearta molta maolaithe a chur chun feidhme agus faoi réir na coinníollacha atá leagtha amach anseo a chomhlíonadh. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ghlac an Bord an tuarascáil agus na conclúidí ón gCigire tuairiscithe.

**Pleanáil Chuí agus Forbairt Inchothaithe**

Meastar go mbeadh an fhorbairt bheartaithe ag teacht le beartais phleanála Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Ba dheimhin leis an mBord go mbeadh ceadú na forbartha beartaithe i gcomhréir le huaillmhianta náisiúnta aeráide agus leis na forálacha iomchuí den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024.
Ina theannta sin, agus é ag teacht ar an gcinneadh uaidh, chomhlíon an Bord na feidhmeanna atá aige ar bhealach atá i gcomhréir le halt 15(1) den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015, arna leasú le halt 17 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021. Mar gheall ar a scála, a foirm agus a méid, mheas an Bord go mbeadh an fhorbairt bheartaithe, faoi réir na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh, i gcomhréir leis na forálacha iomchuí de Phlean Forbartha Contae Chorcaí 2022-2028 agus de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028. Dá bhrí sin, bheadh an fhorbairt bheartaithe i gcomhréir le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

## Coinníollacha

1. Déanfar an fhorbairt bheartaithe a sheoladh agus a chur i gcrích i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí a taisceadh i dteannta an iarratais pleanála, seachas de réir mar is gá ar shlí eile chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh. I gcás go gceanglófar leis na coinníollacha sin go gcomhaontófaí mionsonraí leis an údarás pleanála, comhaontóidh an forbróir le mionsonraí den sórt sin i scríbhinn leis an údarás pleanála sula dtosófar an fhorbairt, agus déanfar an fhorbairt agus críochnófar í i gcomhréir leis na sonraí comhaontaithe.

   **Cúis:** Ar mhaithe le soiléire.

2. Cuirfear chun feidhme na bearta maolaithe atá sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a cuireadh isteach agus san fhaisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir isteach an 29ú lá de mhí Mheán Fómhair 2023.

   Cuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála iomchuí mionsonraí faoi sceideal ama le haghaidh bearta maolaithe a chur chun feidhme agus le haghaidh faireachán gaolmhar a dhéanamh.

Cuirfear na nithe seo a leanas isteach i dteannta na mbeart maolaithe atá sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta:

(a) I gcás éin ghoir ghinearálta, áireofar leis an gclár bliantúil um shuirbhéanna agus faireachán ar éin na speicis uile atá liostaithe sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus Cromán na gCearc, chun láithreacht agus flúirse speiceas éan a bhunú, lena n-áirítear speicis fhéideartha chreiche. Áireofar leis an suirbhé agus leis an bhfaireachán iniúchadh agus athbhreithniú ar na speicis uile, agus cuirfear torthaí an fhaireacháin faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí agus na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

**Cúis:** Chun an comhshaol a chosaint agus chun a chinntiú go ndéanfar faireachán cuí ar thionchar na forbartha ar fhána éanúil an limistéir.

3. Cuirfear chun feidhme na bearta maolaithe atá i Ráiteas Tionchair Natura a cuireadh isteach.

Cuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála iomchuí mionsonraí faoi sceideal ama le haghaidh bearta maolaithe a chur chun feidhme agus le haghaidh faireachán gaolmhar a dhéanamh.

**Cúis:** Chun sláine Láithreán Eorpach a chosaint.

4. Leasófar an fhorbairt bheartaithe mar a leanas:

(a) Déanfar na tuirbíní dá ngairtear Tuirbín T12, agus na limistéir ghaolmhara dhromchla chrua agus na raonta rochtana gaolmhara, a fhágáil ar lár ón bhforbairt a cheadaítear leis seo.

(b) Déanfar Tuirbín T7, agus na limistéir ghaolmhara dhromchla chrua agus na raonta rochtana gaolmhara, a aistriú ó dheas chun deireadh a chur leis an tionchar ar bhóthar poiblí an L-34011-20.

Ar mhaithe le soiléire, is le trí thuirbín gaoithe dhéag, agus leo sin amháin, a bhainfidh an fheirm ghaoithe cheadaithe.

Cuirfear líníochtaí athbhreithnithe lena léirítear comhlíonadh na gceanglas sin agus lena léirítear an dearadh agus an leagan amach tuirbín deiridh, faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an tógáil.

**Cúis:** Ar mhaithe le soiléire agus chun cosaint an chomhshaoil agus an bhóthair phoiblí a chinntiú.

5. Mairfidh an cead seo tréimhse 35 bliana ón dáta a coimisiúnaíodh an fheirm ghaoithe den chéad uair.

   **Cúis:** Chun an t-údarás pleanála a chumasú oibriú na feirme gaoithe a athbhreithniú i bhfianaise na n-imthosca a bheidh i réim ag an am.

6. Ní bheidh de thoradh ar oibriú na forbartha, cibé acu ina haonar nó i gcomhcheangal le haon fhorbairt cheadaithe eile fuinnimh gaoithe, leibhéil torainn ar mó iad ná na figiúirí seo a leanas nuair a thomhaistear go seachtrach iad ag láithreacha in aice láimhe atá íogair i leith torainn:

   (a) Idir 0700 agus 2300 a chlog:

      (i) 5 dB(A) $_{\text{L90 10 nóiméad}}$ os cionn leibhéil torainn cúlra nó 45 dB(A) $_{\text{L90 10 nóiméad}}$, cibé acu is airde, ag airde 10 méadar os cionn leibhéal na talún ag luasanna gaoithe caighdeánaithe 7 méadar in aghaidh an tsoicind nó níos airde.

      (ii) 40 dB(A) $_{\text{L50 10 nóiméad}}$ ag airde 10 méadar os cionn leibhéal na talún ag gach luas gaoithe caighdeánaithe eile.

   (b) 43 dB(A) $_{\text{L50 10 nóiméad}}$ ag gach am eile.

   Sula gcoimisiúnófar an fhorbairt, cuirfidh an forbróir Clár um Fhaireachán ar Chomhlíonadh Torainn don fhorbairt lena mbaineann faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontóidh sé an plean sin i scríbhinn leis, lena n-áireofar aon bhearta maolaithe amhail tuirbíní ar leith a dhírátáil. Áireofar leis an gClár um Fhaireachán ar Chomhlíonadh Torainn modheolaíocht mhionsonraithe do gach tomhas fuaime, lena n-áireofar minicíocht an fhaireacháin (gach sé mhí ar dtús, agus faireachán deimhniúcháin á dhéanamh sa tríú bliain tar éis an

choimisiúnaithe) agus taifeadadh torthaí, ar torthaí iad a chuirfear ar fáil go poiblí.

Cuirfear torthaí an fhaireacháin tosaigh ar chomhlíonadh torainn faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, laistigh de shé mhí ó choimisiúnú na feirme gaoithe.

**Cúis:** Ar mhaithe le taitneamhachtaí cónaithe.

7. (a) Cuirfear an Plean Feabhsúcháin Gnáthóg chun feidhme i gcomhréir leis na gealltanais atá leagtha amach ann ar feadh tréimhse cúig bliana déag ar a laghad tar éis an fheirm ghaoithe a cheadaítear leis seo a choimisiúnú den chéad uair. Sula dtosófar an fhorbairt, déanfaidh an t-iarratasóir comhaontú i scríbhinn leis an údarás pleanála faoi alt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, chuige sin.

(b) Laistigh de shé mhí roimh dhul in éag chomhaontú pleanála alt 47 atá luaite i mír (a), soláthróidh an t-iarratasóir mionsonraí i ndáil le tailte an Phlean Feabhsúcháin Gnáthóg ar feadh thréimhse an cheada a bheidh fágtha. Beidh na mionsonraí a sholáthrófar i gcomhréir ó thaobh achair de leo sin atá sa Phlean Feabhsúcháin Gnáthóg a cuireadh isteach in éineacht leis an iarratas agus faoi réir na bhforálacha de mhír (a).

Déanfaidh an t-iarratasóir comhaontú eile i scríbhinn leis an údarás pleanála faoi alt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, chuige sin roimh dhul in éag an chomhaontaithe tosaigh atá luaite i mír (a). Leis an gcoinníoll sin, ní dhéanfar aon difear do dhíol aon talún ná aon fhoirgneamh ag morgáistí a bhfuil an talamh nó na foirgnimh sin ina sheilbh nó ina seilbh aige nó aici ná d'áitiú na talún nó na bhfoirgneamh sin ag aon duine a dhíorthóidh teideal ó dhíol den sórt sin.

**Cúis:** Ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht.

8. Plean nuashonraithe Bainistíochta Comhshaoil Tógála, ina mbeidh mionsonraí atá sonrach don láithreán faoi na hoibreacha tógála uile ar an láithreán agus faoi na bearta athshuí, draenála, maolaithe agus faireacháin iarthógála uile, agus mionsonraí faoina n-amchlárú, cuirfear é faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar é i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Déanfar an fhorbairt, lena n-áireofar an bealach nasctha leis an eangach agus an bealach tarlaithe seachadta, i gcomhréir dhlúth leis an bPlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála, a chuirfear chun feidhme ina iomláine, ach amháin i gcás go gceadóidh an t-údarás pleanála a mhalairt roimh ré i scríbhinn.

**Cúis:** Chun a chinntiú go gcuirfear na hoibríochtaí tógála uile i gcrích ar bhealach a íoslaghdóidh an tionchar a bheidh acu ar shábháilteacht ar bhóithre, ar thaitneamhacht agus ar an gcomhshaol, agus go gcuirfear chun feidhme ina n-iomláine na bearta maolaithe atá sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus sa Ráiteas Tionchair Natura a ghabhann leis an iarratas nó na bearta a chomhaontófar ar shlí eile.

9. Maidir leis an soláthar uisce, le cóireáil fuíolluisce agus le maolú agus diúscairt uisce dromchla, comhlíonfaidh siad ceanglais an údaráis pleanála le haghaidh oibreacha agus seirbhísí den sórt sin.

**Cúis:** Ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí.

10. Comhlíonfar na ceanglais deartha seo a leanas:

(a) Ní thosófar aon fhorbairt mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, mionsonraí iomlána faoi na tuirbíní gaoithe beartaithe (lena n-áirítear an rátáil cumhachta, na leibhéil chumhachta fuaime, an mhéid agus an cineál, ach gan a bheith teoranta dóibh) curtha faoi bhráid an údaráis pleanála agus comhaontaithe i scríbhinn leis.

(b) Beidh bailchríoch sheachtrach fhionnliath ar na tuirbíní gaoithe, lena n-áireofar na crainn agus na lanna, agus ar an gcrann faireacháin gaoithe.

(c) Is faoi thalamh a leagfar na cáblaí laistigh den láithreán.

(d) Beidh na tuirbíní gaoithe socraithe chun a chinntiú go rothlóidh na lanna sa treo céanna.

(e) Ní chuirfear aon ainm, aon lógó, aon chomhartha ná aon fhógra (seachas comharthaíocht sláinte agus sábháilteachta) ar aon struchtúr ar an láithreán, agus ní ghreamófar aon ní den sórt sin d'aon struchtúr ar shlí eile, gan cead pleanála a fháil roimh ré.

(f) Déanfar na tuirbíní gaoithe a thógáil agus a oibriú i gcomhréir leis na mionsonraí ceadaithe, agus coinneofar an dath ceadaithe orthu, agus iad saor ó mheirg sheachtrach nó ó ruaimniú nó dídhathú seachtrach, go dtí go ndíchoimisiúnófar an fheirm ghaoithe.

**Cúis:** Chun a chinntiú go mbeidh tionchair chomhshaoil na dtuirbíní ar cuid den fhorbairt iad ag teacht leis na tionchair a measúnaíodh sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, agus ar mhaithe le taitneamhacht amhairc an limistéir.

11. (a) Ní thosófar aon fhorbairt mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, Plean Bainistíochta Tráchta Tógála curtha faoi bhráid an údaráis pleanála, i gcomhairle le Bonneagar Iompair Éireann, agus comhaontaithe i scríbhinn leis. Áireofar leis an bPlean Bainistíochta Tráchta Tógála na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: mionsonraí faoi riocht na mbóithre agus suirbhéanna faireacháin ar riocht na mbóithre roimh thús na forbartha; socruithe chun a chinntiú go ndeiseofar aon damáiste a dhéanfar don bhonneagar bóithre mar thoradh ar na hoibreacha; bearta chun a chinntiú go gcloífear leis na bealaí sonraithe tráchta (lena n-áireofar nósanna imeachta faireacháin); mionsonraí faoi ualaí neamhghnácha, lena n-áireofar measúnacht ualaigh ar an mbealach; mionsonraí faoi na socruithe comharthaíochta agus línithe uile; agus socruithe um fhógra a thabhairt. Déanfar an fhorbairt i gcomhréir dhlúth leis an bPlean ceadaithe Bainistíochta Tráchta Tógála, a chuirfear chun feidhme ina iomláine, ach amháin i gcás go gcomhaontófar a mhalairt roimh ré i scríbhinn leis an údarás pleanála.

(b) Déanfar aon oibreacha ar na bóithre áitiúla, lena n-áireofar oibreacha neartaithe agus leathnaithe, i gcomhréir le sonraíocht agus amscála a chomhaontófar roimh ré leis an údarás pleanála.

(c) Déanfar oibreacha ar bhóithre náisiúnta, nó ina gcóngar, lena n-áireofar bóthar an N22, i gcomhréir le ceanglais Bhonneagar Iompair Éireann agus le comhaontú an údaráis pleanála agus Bhonneagar Iompair Éireann.

(d) Bainfear droichead sealadach an tSuláin agus bóithre rochtana gaolmhara agus acomhail bóithre ghaolmhara, agus athshuífear an talamh sula gcoimisiúnófar an fheirm ghaoithe.

Déanfar an fhorbairt i gcomhréir dhlúth leis an bPlean ceadaithe Bainistíochta Tráchta Tógála, a chuirfear chun feidhme ina iomláine, ach amháin i gcás go gcomhaontófar a mhalairt roimh ré i scríbhinn leis an údarás pleanála.

**Cúis:** Ar mhaithe le sábháilteacht tráchta agus sábháilteacht an phobail.

12. Comhaontóidh an forbróir le Bonneagar Iompair Éireann straitéis le haghaidh druileáil threoch bheartaithe faoi bhóthar an N22.

**Cúis:** Ar mhaithe leis an gcomhshaol a chosaint agus ar mhaithe le sábháilteacht tráchta.

13. Ní bheidh aon phreabadh scátha ann ag aon teaghais láithreach in aice láimhe ná ag aon réadmhaoin íogair iomchuí láithreach eile a ndéanfar difear di, agus déanfaidh an forbróir fuinnimh gaoithe nó an t-oibritheoir fuinnimh gaoithe na bearta riachtanacha atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a cuireadh isteach in éineacht leis an iarratas, amhail tuirbíní a mhúchadh le linn na dtréimhsí ama gaolmhara, chun an preabadh scátha a dhíothú.

**Cúis:** Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.

14. Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála mionsonraí faoi cheanglais aerloingseoireachta, lena n-áireofar aon soilsiú is gá ar an gcraein túir agus ar na stoic, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis. Tabharfar fógra 30 lá faoin gcéanna. Ina dhiaidh sin, cuirfidh an forbróir an t-údarás pleanála agus Údarás Eitlíochta na hÉireann ar an eolas faoi na hairdí goib tógtha agus faoi chomhordanáidí shuíomh tógtha na dtuirbíní i bhformáid WGS84.

**Cúis:** Ar mhaithe le sábháilteacht aerthráchta.

15. (a) Comhaontófar leis an údarás pleanála, i gcomhairle leis an soláthraí/oibritheoir, mionsonraí faoi bhearta atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar chur isteach ar nasc FM 2RN ó Mhullach an Ois go Beanntraí agus, ina dhiaidh sin, déanfar na bearta sin a shuiteáil agus a thástáil ar

chostas an fhorbróra sula gcoimisiúnófar na tuirbíní gaoithe, agus déanfar iad a chothabháil ar feadh thréimhse saoil na forbartha, ach amháin i gcás go gcomhaontófar a mhalairt.

(b) I gcás go gcuirfidh an fhorbairt isteach ar chomharthaí teileachumarsáide, tabharfar bearta éifeachtacha isteach chun íoslaghdú a dhéanamh ar an gcur isteach ar chomharthaí teileachumarsáide sa limistéar. Cuirfear mionsonraí faoi na bearta sin, a dhéanfar ar chostas an fhorbróra, faoi bhráid an údaráis pleanála, i gcomhairle leis an soláthraí/oibritheoir iomchuí, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, agus, ina dhiaidh sin, déanfar na bearta sin a shuiteáil agus a thástáil, agus déanfar iad a chothabháil ar feadh thréimhse saoil na forbartha, ach amháin i gcás go gcomhaontófar a mhalairt.

**Cúis:** Ar mhaithe le comharthaí teileachumarsáide a chosaint agus ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.

16. Cinnteoidh an forbróir gur cheart an gléasra agus an t-innealra ar fad a úsáidfear le linn na n-oibreacha a ghlanadh agus a ní go críochnúil sula seachadfar chuig an láithreán iad ar mhaithe le leathadh speiceas ionrach guaiseach agus pataiginí a chosc.

**Cúis:** Ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

17. Áiritheoidh an forbróir na seirbhísí de chuid Cléirigh Oibreacha Comhshaoil atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí aige/aici sula dtosófar an fhorbairt, agus áiritheoidh sé na seirbhísí sin chun na bearta maolaithe agus faireacháin atá sonraithe sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, lena n-áirítear Aguisín 17.1, a chomhlíonadh. Baineann ról an Chléirigh Oibreacha Comhshaoil leis an bhforbairt a thógáil, lena n-áirítear an bealach nasctha leis an eangach agus an bealach seachadta tuirbíní (lena n-áirítear oibreacha bainte), agus leis an bhfeirm ghaoithe a oibriú. Chun cabhrú leis an gCléireach Oibreacha Comhshaoil an ról atá aige/aici a chur i gcrích, áiritheoidh an forbróir na seirbhísí de chuid saineolaithe teicniúla de réir mar is gá chun na cúraimí a bheidh ag teastáil a chomhlíonadh.

**Cúis:** Ar mhaithe leis an éiceolaíocht, an comhshaol agus láithreáin Eorpacha a

chosaint.

18. Áiritheoidh an forbróir na seirbhísí de chuid saineolaí éan atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí aige/aici chun suirbhéanna cuí éan a dhéanamh ar an láithreán seo gach bliain. Forbrófar mionsonraí na suirbhéanna a dhéanfar agus na ceanglais ghaolmhara tuairiscithe tar éis dul i gcomhairle leis an údarás pleanála, agus tar éis iad a chomhaontú i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Cuirfear na tuarascálacha sin isteach ar dháta comhaontaithe gach bliain ar feadh tréimhse cúig bliana, le comhaontú roimh ré i scríbhinn ón údarás pleanála. Seolfar cóipeanna de na tuarascálacha chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**Cúis:** Chun a chinntiú go ndéanfar faireachán cuí ar thionchar na forbartha ar fhána éanúil an limistéir.

19. Éascóidh an forbróir caomhnú, taifeadadh agus cosaint ábhar seandálaíochta nó sainghnéithe seandálaíochta atá ann laistigh den láithreán. I ndáil leis sin, déanfaidh an forbróir na nithe seo a leanas –

(a) Fógra i scríbhinn a thabhairt don údarás pleanála faoin bhforbairt bheartaithe ceithre seachtaine ar a laghad sula dtosófar aon oibríocht ar an láithreán (lena n-áireofar imscrúduithe hidreolaíocha agus geoiteicniúla).

(b) Seandálaí atá cáilithe go cuí a fhostú, a dhéanfaidh faireachán ar na himscrúduithe láithreáin uile agus na hoibreacha tochailte uile eile.

(c) Socruithe a bhfuil glacadh ag an údarás pleanála leo a sholáthar le haghaidh taifeadadh agus baint a dhéanamh ar aon ábhar seandálaíochta is cuí leis an údarás a bhaint.

(d) Crios maolánach 25 mhéadar ar a laghad a chinntiú, más rud é go gcoinneofar é timpeall ar aon láithreán taifeadta agus/nó aon ghallán.

(e) Tá roinnt rian-iontaisí Deavónacha ann ar an stráice den bhóthar ag Gort na Binne. Ba cheart don obair tógála na stráicí sin a shainaithint

agus a sheachaint nó, nuair is gá, bearta maolaithe cuí a sholáthar chun tionchair fhéideartha a íoslaghdú.

(f) Tabharfar tuarascáil seandálaíochta deiridh, ina dtabharfar tuairisc ar na torthaí ar aon oibreacha imscrúdaitheacha seandálaíochta ina dhiaidh sin agus/nó ar aon fhaireachán, do Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta tar éis an obair seandálaíochta ar fad a chríochnú ar an láithreán agus tar éis aon obair iarthochailte is gá a chríochnú. Is é an forbróir a íocfaidh na costais seandálaíochta iarmhartacha agus ghaolmhara uile.

Cheal comhaontú ar aon cheann de na ceanglais sin, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála lena chinneadh.

**Cúis:** Chun oidhreacht seandálaíochta an láithreáin a chaomhnú agus chun a áirithiú go ndéanfar aon iarsmaí atá ann laistigh den láithreán a chaomhnú agus a chosaint.

20. (a) Maidir leis na bearta ciorrúcháin don fheirm ghaoithe i ndáil le gníomhaíocht ialtóg, déanfar athbhreithniú bliantúil orthu agus déanfaidh siad socrú d'fhaireachán oiriúnaitheach. Déanfaidh saineolaí inniúil athbhreithniú orthu sa chéad chúig bliana d'oibriú na feirme gaoithe agus, ina dhiaidh sin, déanfaidh saineolaí inniúil athbhreithniú orthu gach trí bliana ar feadh shaolré oibriúcháin na feirme gaoithe, ach amháin i gcás gur gá a mhalairt a dhéanamh de bharr an chláir faireacháin oiriúnaithigh. Tuairisceofar torthaí an fhaireacháin d'fhoireann réigiúnach na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

(b) Déanfaidh an forbróir athbhreithniú ar úsáid an láithreáin feirme gaoithe ag éin agus ag ialtóga, agus doiciméadóidh sé aon bhásanna éin agus ialtóige a tharlóidh trí chlár faireacháin bliantúil, rud a chuirfidh an forbróir faoi bhráid an údaráis pleanála, agus a chomhaontóidh sé i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Forbrófar an clár sin i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, agus cumhdófar tréimhse iomlán oibriú na feirme gaoithe ann.

**Cúis:** Chun a chinntiú go ndéanfar faireachán cuí ar thionchar na forbartha ar éin agus ialtóga an limistéir.

21. Cuirfear mionsonraí faoi ábhair, dathanna agus uigeacht na mbailchríoch seachtrach uile ar na foirgnimh bheartaithe, lena n-áireofar mionsonraí faoi aon chomharthaíocht, faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt.

**Cúis:** Ar mhaithe le taitneamhachtaí amhairc an limistéir.

22. Beidh oibríochtaí tógála, lena n-áireofar gluaiseachtaí Feithiclí Earraí Troma chuig an láithreán agus uaidh araon, teoranta don tréimhse idir 0800 agus 1900 a chlog ón Luan go dtí an Aoine agus idir 0800 agus 1400 a chlog ar an Satharn, ach amháin i gcás aon imeachtaí is gá. Comhaontófar na himeachtaí sin roimh ré leis an údarás pleanála iomchuí.

**Cúis:** Ar mhaithe le taitneamhacht áitiúil.

23. Suiteálfar saoráidí chun cur isteach ar an nglacadh raidió nó teilifíse sa limistéar a íoslaghdú. Cuirfear mionsonraí faoi na saoráidí a shuiteálfar, a dhéanfar ar chostas an fhorbróra, faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula gcoimisiúnófar na tuirbíní agus tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis iomchuí.

**Cúis:** Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.

24. A luaithe a dhíchoimisiúnófar na tuirbíní go hiomlán nó go páirteach, nó más rud é go scoirfidh na tuirbíní de bheith ag oibriú ar feadh tréimhse is faide ná bliain amháin, bainfear na crainn agus na tuirbíní lena mbaineann, bainfear gach struchtúr díchoimisiúnaithe, agus cumhdófar na bunsraitheanna le hithir chun athfhásrú a éascú, laistigh de thrí mhí ón díchoimisiúnú.

**Cúis:** Chun athshuí sásúil an láithreáin a chinntiú tráth scor den fhorbairt.

25. (a) Cuirfear plean nuashonraithe díchoimisiúnaithe, ina mbeidh Plean Bainistíochta Comhshaoil, Plean Bainistíochta Iompair agus Plean Bainistíochta Dramhaíola, faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar é i scríbhinn leis, 12 mhí roimh dhíchoimisiúnú na feirme gaoithe, ach amháin i gcás go bhfaighfear tuilleadh ceada chun leanúint den fheirm ghaoithe. Beidh clár oibreacha díchoimisiúnaithe agus sceideal do na hoibreacha sin sa phlean.

(b) Áiritheoidh an forbróir na seirbhísí de chuid Innealtóra Shibhialta agus Éiceolaí atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí aige/aici ar feadh thréimhse na n-oibreacha díchoimisiúnaithe chun nach ndéanfar aon damáiste do shláine ná cobhsaíocht na timpeallachta talún portaigh.

**Cúis:** Ar mhaithe leis an gcomhshaol a chosaint agus ar mhaithe le sábháilteacht tráchta.

26. Sula dtosófar an fhorbairt, taiscfidh an forbróir leis an údarás pleanála taisce airgid, banna de chuid cuideachta árachais, nó cibé urrús eile is inghlactha ag an údarás pleanála, chun a áirithiú go ndéanfar bóithre poiblí a athshuí a bhféadfadh go ndéanfaí damáiste dóibh de dheasca ábhair a iompar chuig an láithreán, mar aon le comhaontú lena dtabharfar de chumhacht don údarás pleanála urrús den sórt sin nó cuid de a úsáid d'athshuí sásúil na mbóithre poiblí. Comhaontófar foirm agus méid an urrúis idir an t-údarás pleanála agus an forbróir nó, cheal comhaontú, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála lena chinneadh.

**Cúis:** Ar mhaithe le sábháilteacht tráchta agus pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

27. Sula dtosófar an fhorbairt, taiscfidh an forbróir leis an údarás pleanála taisce airgid, banna de chuid cuideachta árachais, nó cibé urrús eile is inghlactha ag an údarás pleanála, chun a áirithiú go ndéanfar an láithreán a athshuí go sásúil tráth scor den tionscadal, mar aon le comhaontú lena dtabharfar de chumhacht don údarás pleanála urrús den sórt sin nó cuid de a úsáid don athshuí sin. Comhaontófar foirm agus méid an urrúis idir an t-údarás pleanála agus an forbróir nó, cheal comhaontú, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála lena chinneadh.

**Cúis:** Ar mhaithe le forbairt rianúil agus taitneamhacht amhairc agus chun athshuí sásúil an láithreáin a chinntiú.

28. Íocfaidh an forbróir leis an údarás pleanála ranníocaíocht airgeadais i leith bonneagar agus saoráidí poiblí a rachaidh chun tairbhe d’fhorbairt i limistéir an údaráis pleanála, ar nithe iad a sholáthróidh an t-údarás nó a sholáthrófar thar a cheann, nó a bhfuil sé beartaithe ag an údarás iad a sholáthar nó a bhfuil sé beartaithe iad a sholáthar thar a cheann, i gcomhréir le téarmaí na Scéime Ranníocaí Forbartha arna déanamh faoi alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Déanfar an ranníocaíocht sula dtosófar an fhorbairt nó trí cibé íocaíochtaí céimnithe a éascóidh an t-údarás pleanála, agus beidh sí faoi réir aon fhorálacha innéacsaithe is infheidhme den Scéim tráth na híocaíochta. Comhaontófar mionsonraí chur i bhfeidhm na Scéime idir an t-údarás pleanála agus an forbróir nó, cheal comhaontú, tarchuirfear an ní chuig an mBord chun cur i bhfeidhm cuí théarmaí na Scéime a chinneadh.

**Cúis:** Ceanglaítear leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, go ndéanfaí coinníoll lena gceanglaítear ranníocaíocht i gcomhréir leis an Scéim Ranníocaí Forbartha arna déanamh faoi alt 48 den Acht a chur i bhfeidhm i leith an cheada seo.

## Sceideal Costas

I gcomhréir leis na forálacha d'alt 37H(2)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, is é **€17,079** an méid atá le haisíoc **leis an** iarratasóir.

**Tá miondealú ar chostais an Bhoird leagtha amach in Aguisín 1 atá ceangailte leis seo.**

**Peter Mullan**
**Comhalta den Bhord Pleanála atá údaraithe go cuí chun séala an Bhoird a fhíordheimhniú.**

**Arna dhátú an lá seo de 2025**

**Ordú ón mBord - Aguisín 1**

**ABP-314602-22**

**Forbairt Bonneagair Straitéisigh**

**Costais a bhaineann leis an Iarratas a chinneadh**

**Cás-Uimhir:** ABP-314602-22

**Forbairt Bheartaithe:** Forbairt feirme gaoithe ina mbeidh 14 cinn de thuirbíní agus fostáisiún leictreach 110 kV agus na hoibreacha láithreáin gaolmhara uile agus an fhorbairt choimhdeach ar fad i mbailte fearainn Chathair na Cáithe, Ghort na Binne, Dhoire Fhínín, Ghort Uí Raithile, na Rátha Thiar, na nDoirí, na bhFoithrí, Dhoire an Chuilinn agus i mbailte fearainn eile, Contae Chorcaí, agus i mbailte fearainn Dhoire Aimhréidh, Choimín an Bhroic, Ghlaise Chormaic, na Claoidí Rua agus Choimín na Bodóige, Contae Chiarraí.

| **Costais an Bhoird** | | |
|---|---|---|
| (1) | Costas (a ríomhadh bunaithe ar am an Chigire)<br>Cigire (comhairliúchán réamhiarratais) €6,931<br>Cigire 1 (iarratas) €33,460<br>Cigire 2 (iarratas) €42,542<br>Éiceolaí (iarratas) €672<br>Eolaí (iarratas) €816 | **€84,421** |
| (2) | Costais a sonrascadh don Bhord | **N/B** |
| | **Iomlán na gcostas is inmhuirearaithe** | **€84,421** |

| **Táillí an Bhoird** | | |
|---|---|---|
| (3) | Táille Iarratais - €100,000<br>Táille Comhairliúcháin Réamhiarratais - €1,000 | €101,000 |
| (4) | Táillí breathnóra a íocadh | €500 |
| | **Iomlán** | €101,500 |
| | An glanmhéid atá le haisíoc **leis an** iarratasóir | **€17,079** |

0

**Peter Mullan**
**Comhalta den Bhord Pleanála**
**atá údaraithe go cuí chun séala**
**an Bhoird a fhíordheimhniú.**

**Arna dhátú an lá seo de**
**2025**